



1. (a) Ríomh  $\sqrt{119}$ , ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.

(b) Scóráil Seán cúl tar éis 83 nóiméad de chluiche a thosaigh ag 14:45.  
Cén t-am a scóráil Seán an cúl?

(c) Is é an fad atá i slios cearnóige ná 4.5 cm.  
Ríomh achar na cearnóige.

(d) Roinn beirt charad eatarthu duais Lotto de €24 000 sa chóimheas 4:1.  
Cé mhéad a fuair gach duine acu?


(e) Ríomh  $\frac{3}{4}$  de 72.

(f) Tá seaicéad, a chosnaíonn €96.00, laghdaithe 10% le linn reice.  
Cad é an praghas reice?

(g) Fuair Máire iasacht €100.  
Bhí uirthi €10 a íoc gach mí ar feadh bliana chun an iasacht a ghlanadh.  
Cé mhéad a chosain an iasacht uirthi?

(h) Suimigh 340 g, 2 kg agus 23 g.  
Tabhair do fhreagra ina ghraim.

(i) Ríomh  $A$ .









(j) Is é 22 méan ceithre uimhir.  
Ansin, suimítear an cúigiú huimhir, 12, leo.  
Ríomh an meán nua.


**Bain úsáid as an leathanach seo chun aon obair  
riachtanach a bhaineann le Ceist 1 a léiriú**

## 2. Staitisticí agus Dóchúlacht


Caitheadh díse amháin 54 uair. Scríobhadh na torthaí sa tábla minicíochta thíos.

### Tábla Minicíochta

TORADH						
Minicíocht	9	7	11	10		9

(a) Comhlánaigh an tábla minicíochta tar éis duit a oibriú amach cé mhéad uair a caitheadh  .

(b) Tarraing barrachairt chun na sonraí thuas a léiriú. Bain úsáid as an ngreille thíos chun do bharrachairt a tharraingt.



(c) Scríobh síos an caitheamh módúil.

(d) Tá mála coirníní ag Síle ina bhfuil 4 choirnín ghlasa, 3 choirnín bhuí agus 2 choirnín dhearga. Píocann sí coirnín go randamach as an mála.

(i) Cad í an dóchúlacht go bpiocann Síle coirnín dearg?

(ii) Teastaíonn ó Shíle go mbeadh an dóchúlacht chéanna ag gach dath go bpiocfaí é. Teastaíonn uaithi líon iomlán na gcoirníní a choimeád mar an gcéanna. Cé mhéad coirnín de gach dath ba chóir a bheith sa mhála aici?

(e) Tá 20 cos san iomlán ag líon áirithe de stólta ceithre chos agus de stólta trí chos. Ríomh líon na stólta trí chos.

**Bain úsáid as an leathanach seo chun aon obair  
riachtanach a bhaineann le Ceist 2 a léiriú**

3. (a) Sa bhosca thíos tóg triantán ina bhfuil gach slios 5 cm ar fad.

(b) Ríomh imlíne an triantáin.

(c) Tomhais ceann ar bith de na huillinneacha sa triantán i gcuid (a).  
Scríobh síos do fhreagra.

---

(d) I léaráid scálaithe d'urlár dronuilleogach cistine, is ionann an fad agus 30 cm agus an leithead agus 20 cm.  
Is é an scála ná 1:20.

(i) Cad iad fíorthomhais an urláir?

(ii) Tá Siobhán chun tíleanna cearnógacha a úsáid leis an urlár a chlúdach.  
Is é tomhas gach tíle ná  $0.25 \text{ m} \times 0.25 \text{ m}$ .  
Cé mhéad tíl atá ag teastáil chun an t-urlár ar fad a chlúdach?

(iii) Tá 18 dtíl i mbosca.  
Cosnaíonn gach bosca €15.99.  
Ríomh costas na dtíleanna.

**Bain úsáid as an leathanach seo chun aon obair  
riachtanach a bhaineann le Ceist 3 a léiriú**

4. Tá na rátaí iasachta seo a leanas á dtairiscint ag gníomhaireacht iasachta ar iasachtaí téarmacha:

AISÍOCAÍOCHT MHÍOSÚIL						
TÉARMA						
Méid na hiasachta	1 bhliain amháin (12 íocaíocht mhíosúla)		2 bhliain (24 íocaíocht mhíosúil)		5 bliana (60 íocaíocht mhíosúil)	
	Ráta seasta	Ráta athraitheach	Ráta seasta	Ráta athraitheach	Ráta seasta	Ráta athraitheach
€1000 suas go €5000	<b>€89·17</b>	<b>€89·04</b>	<b>€47·71</b>	<b>€47·67</b>	<b>€23·38</b>	<b>€23·35</b>
€5000 suas go €10000	<b>€88·96</b>	<b>€88·91</b>	<b>€47·48</b>	<b>€47·44</b>	<b>€23·04</b>	<b>€22·95</b>

**Nótaí**

Baineann na figiúirí faoi **AISÍOCAÍOCHT MHÍOSÚIL** thuas le hiasacht **€1000** agus tá gach táille agus ús san áireamh iontu.

(a) Faigh an aisíocaíocht mhíosúil tosaigh ar iasacht €3000 a aisíocfar thar 5 bliana ar ráta athraitheach.

(b) Dá bhfaighfí an iasacht €3000 thar 2 bhliain ar ráta athraitheach, cén difríocht a dhéanfadh sé don aisíocaíocht mhíosúil tosaigh?

(c) Faigheann Seán iasacht €7000 chun gluaisteán a cheannach. Aisíocfaidh sé an iasacht thar 2 bhliain ar an ráta seasta. Cé mhéad a chosnóidh an iasacht ar Sheán?

(d) Is fiú €7000 é gluaisteán Sheáin anois ach laghdófar a luach de 14% sa bhliain. Ríomh luach an ghluaisteáin tar éis bliana amháin.

(e) Faigh an iasacht is mó is féidir le Caoimhe a fháil murar féidir léi ach €115 sa mhí a aisíoc thar chúig bliana.



**Bain úsáid as an leathanach seo chun aon obair  
riachtanach a bhaineann le Ceist 4 a léiriú**

5.

Ciliméadair (go neasach)	Gaillimh	Corcaigh	Béal Feirste	Baile Átha Cliath
Gaillimh		207	300	216
Corcaigh	207		422	256
Béal Feirste	300	422		167
Baile Átha Cliath	216	256	167	

Bain úsáid as an gcairt faid thuas chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

- (a) Thaistil Donncha ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath agus uaidh sin go Gaillimh.  
Cé mhéad ciliméadar a thaistil sé?

- (b) Thóg sé 7 n-uair agus 20 nóiméad ar Dhonncha an turas seo a dhéanamh.  
Ríomh a mheánluas.

$$\text{Luas} = \frac{\text{Fad}}{\text{Am}}$$

- (c) Faigheann Donncha costais taistil de 57 cent in aghaidh an chiliméadair.  
Ríomh a chostais taistil ar an turas i gcuid (a) thuas.

---

An bhliain seo caite, d'oibrigh Seán ar feadh 40 uair seachtain áirithe.  
Íocadh €9.40 san uair leis an chéad 35 uair.  
Íocadh €11.30 san uair leis na huaireanta eile.

- (d) Ríomh pá comhlán Sheáin.

- (e) Ba é ráta cánach Sheáin ná 20% agus bhí creidmheasanna cánach de €56 sa tseachtain aige.  
Ríomh an cháin a d'íoc Seán.

- (f) Ríomh pá glan Sheáin an tseachtain sin.

**Bain úsáid as an leathanach seo chun aon obair  
riachtanach a bhaineann le Ceist 5 a léiriú**

# **Leathanach Bán**